



COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ MAIDIR LE TIMPEALLACHT TRASTEORANN

Tionscadal beartaithe lena cuirfear síneadh 10 mbliana le hoibriú imoibreoirí núicléacha Doel 4 agus Tihange 3, lena n-áirítear oibreacha feabhsúcháin a bhaineann le sábháilteacht núicléach.

I gcomhréir le forálacha Choinbhinsiún Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip maidir le Measúnacht Tionchair Timpeallachta i gComhthéacs Trasteorann (“Coinbhinsiún Espoo”), 1991 agus an Choinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil (“Coinbhinsiún Aarhus”), fuair an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht fógra ó Ard-Stiúthóireacht Fuinnimh na Beilge i dtaca le ceadú dréachtbhille lena gceadófar imoibreoirí núicléacha Doel 4 agus Tihange 3 leanúint ar aghaidh i mbun oibriú go ceann 10 mbliana eile.

Tá Stáisiún Núicléach Doel suite i gCalafort Antuairp, ar an Sceilt, thart ar 6 km ón teorainn idir an Bheilg agus an Ísiltír. Tá Stáisiún Núicléach Tihange suite ar bhruach an Meuse, gar do shráidbhaile Tihange i gCúige Vallúnaigh in Liège, tuairim is 40 km ón teorainn idir an Bheilg agus an Ísiltír, agus timpeall 65 km ón teorainn leis an nGearmáin agus Lucsamburg. Chuir údarás na Beilge in iúl, de réir a gcuid oibleagáidí faoi Choinbhinsiún Espoo, go rachfar i mbun comhairle leis na tíortha sin atá i ngiarracht 1,000 km do na stáisiún núicléacha sin.

Maidir leis an tionscadal beartaithe, cuirfear síneadh 10 mbliana le hoibriú imoibreoirí Doel 4 agus Tihange 3 agus tabharfar faoi oibreacha feabhsúcháin a bhaineann le sábháilteacht núicléach don síneadh sin. Tá an tionscadal beartaithe arna chur ar aghaidh faoi choinne measúnacht tionchair timpeallachta sa Bheilg. Dar le rialtas na Beilge go bhfuil an tionscadal beartaithe thar a bheith tábhachtach chun a soláthar leictreachais a dhaingniú go dtí an bhliain 2035. Ina theannta sin, tá an tionscadal ag teacht leis an mbeartas gur mian leis an gCoimisiún Eorpach a bheith níos neamhspleáiche ar bhreosláí iontaise agus díriú ar sholáthar fuinnimh éagsúlaíthe.

Cuirfear tús le comhairliúchán poiblí ar fud na tíre le haghaidh aighneachtaí Dé Céadaoin, an 17 Bealtaine 2023. Féadfaidh duine den phobal tuairim nó aighneacht i scríbhinn a dhéanamh maidir leis na héifeachtaí trasteorann a d'fhéadfadh a bheith ag an tionscadal ar an gcomhshaoil, **faoi am scoir gnó Dé Céadaoin, an 21 Meitheamh 2023** ar a dhéanaí. Ba cheart aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh go díreach chuig údarás na Beilge tríd an seoladh ríomhphoist seo a leanas:

nuclear@economie.fgov.be

B'fhéidir gur mhaith leis an bpobal dul go tairseach comhairliúcháin poiblí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath ag an nasc thíos chun féachaint ar chomhfhreagras ó Aireacht na Beilge, cáipéisí gaolmhara agus naisc arna gcur ar fáil chuig an Tuarascáil iomlán ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta agus gach cáipéis eile a bhaineann leis an iarratas ar thoilíú forbartha don fhorbairt bheartaithe.

<https://consultation.dublincity.ie/planning/belgium-doel-4-and-tihange-3>

Lena chois sin, féadtar breathnú ar an bhfógra faoin gcomhairliúchán poiblí i Rannóg Pleanála gach údarás áitiúil ar fud na tíre le linn uaireanta oifige, ach coinne a dhéanamh más gá. Tá cóip de na cáipéisí sin ar fáil lena n-íniúchadh, nó lena gceannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnach a bhaineann le cóip a dhéanamh, le linn uaireanta oifige. Cuirfidh an uile údarás áitiúil naisc chuig gach cáipéis ar fáil ar líne. Téigh i dteagmháil le d'údarás áitiúil i gcomhair sonraí breise.

B'fhéidir nach mbeidh tú in ann breathnú ar an ábhar in oifigí áirithe údarás áitiúil gan coinne a dhéanamh. Mar sin de, moltar go mór duit teagmháil a dhéanamh le d'údarás áitiúil lena fháil amach an gá duit coinne a dhéanamh sula dtéann tú ann chun na cáipéisí a fheiceáil. Tá an uile cháipéis a bhaineann leis an iarratas ar thoilíú forbartha don fhorbairt bheartaithe ar fáil freisin ar shuíomh gréasáin Sheirbhís Phoiblí Fheidearálach an Gheilleagair de chuid na Beilge, lena n-áirítear aon fhaisnéis bhreise a nglacann suíomh gréasáin Sheirbhís Phoiblí Fheidearálach an Gheilleagair de chuid na Beilge léi ag:

<https://economie.fgov.be/en/Doel4-Tihange3>

TRANSBOUNDARY ENVIRONMENTAL PUBLIC CONSULTATION

Proposed project consisting of the 10 years extension of the operation of the Doel 4 and Tihange 3 nuclear reactors, including related nuclear safety-related improvement works.

In accordance with the provisions of the 1991 United Nations Economic Commission for Europe Convention on Environmental Impact Assessment in a Transboundary Context (“the Espoo Convention”) and the Convention on Access to Information, Public Participation in Decision-Making and Access to Justice in Environmental Matters (“Aarhus” Convention), the Minister for Housing, Local Government and Heritage received notification from the Belgian Directorate General for Energy in relation to the approval of a draft bill to allow the continued operation of the Doel 4 and Tihange 3 nuclear reactors for another 10 years.

The Nuclear Power Plant of Doel is located in the Port of Antwerp, on the river Scheldt, approximately 6km from the border between Belgium and the Netherlands. The Nuclear Power Plant of Tihange is located on the bank of the Meuse River, near the village of Tihange in the Walloon province of Liège, approximately 40km from the border between Belgium and the Netherlands and approximately 65km from the border with Germany and Luxembourg. Belgian authorities have advised that, in keeping with their Espoo Convention obligations, countries within a 1,000km radius of these nuclear power plants will be consulted.

The proposed project consists of the 10 years extension of the operation of Doel 4 and Tihange 3 reactors and the nuclear safety-related improvement works related to that extension. The proposed project is submitted to an environmental impact assessment in Belgium. The Belgian government considers that the proposed project plays a vital role in securing its supply of electricity until 2035. The project is also in line with the policy that the European Commission wishes to pursue increased independence from fossil fuels and diversified energy supply.

A nationwide public consultation will open for submissions on Wednesday 17 May 2023. A member of the public may make a written submission or observation in relation to the potential transboundary environmental effects of the project, **by close of business on Wednesday 21 June 2023** at the latest. Submissions or observations should be made directly to Belgian authorities at the following email address:

nuclear@economie.fgov.be

Members of the public may wish to visit the Dublin City Council public consultation portal at the link below to view correspondence from the Belgian Ministry, associated documents and links provided to the full Environmental Impact Assessment Report and all other documentation relating to the development consent application for the proposed development.

<https://consultation.dublincity.ie/planning/belgium-doel-4-and-tihange-3>

The public consultation notice is also available to view in the office of the Planning Section of each local authority nationwide during office hours, by appointment if required. A copy of these documents is available for inspection, or purchase at a fee not exceeding the reasonable cost of making a copy, during office hours. Links to all documents will be made available online by each local authority. Please contact your Local Authority for further details.

Viewings may be by appointment only in certain local authority offices, it is strongly advised to contact your local authority to clarify the position in this regard before travelling to view the documentation. All documentation related to the development consent application for the proposed development is also available to view on the website of the Belgian FPS Economy website, including any additional information accepted by the Belgian FPS Economy website at:

<https://economie.fgov.be/en/Doel4-Tihange3>